**Cuntas Leithghabhála 2013**

# Vóta 31

# Iompar, Turasóireacht agus Spórt

## Réamhrá

Mar Oifigeach Cuntasaíochta do Vóta 31 tá sé mar dhualgas orm gach bliain an cuntas leithghabhála don Vóta a ullmhú, agus é a chur faoi bhráid an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste le haghaidh iniúchta.

In oiriúint leis an riachtanas seo, tá cuntas iniata agam a d'ullmhaigh mé, a léiríonn an méid a caitheadh sa bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2013 i leith tuarastail agus speansais Oifig an Aire Iompair, Turasóireachta agus Spóirt, lena n-áirítear seirbhísí áirithe riartha ag an Oifig sin, i leith íocaíochtaí deontais áirithe, deontais i gcabhair agus seirbhísí áirithe nach iad.

Cuirtear an táirgeacht chaiteachais i gcomparáid leis na suimeanna deonaithe ag Dáil Éireann faoin Acht Leithreasa, 2013, lena n-áirítear an tsuim a d'fhéadfadh a bheith úsáidte mar leithreas i gcabhair chaiteachais don bhliain.

Tá barrachas €4.92 milliún faoi dhliteanas bheith géillte don Státchiste.

Áirítear sa chuntas an Ráiteas ar Bheartais agus Prionsabail Chuntasaíochta, agus nótaí 1 go 6.

**An Ráiteas ar Bheartais agus Prionsabail Chuntasaíochta**

Cuireadh i bhfeidhm na gnáthbheartais agus gnáthphrionsabail a bhaineann le táirgeadh cuntais leithreasa in ullmhúcháin an chuntais, seachas iad seo a leanas:

***Dímheas***

Is é an beartas atá ag an Roinn ná sócmhainní a dhímheas ón dáta ceannaigh a fhad leis an mbliain diúscartha roimhe sin, agus an bhliain sin san áireamh, ar na rátaí bliantúla a leanas:

Talamh agus Foirgnimh - dímheas ar bith

Troscán agus trealamh - 10%

Trealamh oifige - 20%

Mótarfheithiclí - 20%

Saintrealamh - 20%

**An Ráiteas ar Rialú Inmheánach Airgeadais**

***Freagracht as an gCóras Rialaithe Inmheánaigh Airgeadais***

Mar Oifigeach Cuntasaíochta, glacaim leis an bhfreagracht atá orm a chinntiú go ndéanann an Roinn córas éifeachtach rialaithe inmheánaigh airgeadais a choimeád agus a fheidhmiú.

Feidhmítear an fhreagracht seo i gcomhthéacs na n-acmhainní atá ar fáil agam agus na cúraim eile atá orm mar Ard-Rúnaí. Freisin, ní féidir le haon chóras inmheánach airgeadais ach dearbhú réasúnta, seachas dearbhú iomlán, a thabhairt go gcosnaítear sócmhainní, go n-údaraítear idirbhearta agus go gcuirtear i dtaifead i gceart iad, agus go seachnaítear nó go n-mbraitear go tráthúil aon earráidí nó neamhrialtachtaí ábhartha. Is próiseas leantach é an córas rialaithe inmheánaigh airgeadais a choimeád agus coinnítear an córas agus an éifeachtacht atá aige faoi athbhreithniú leanúnach.

***An Timpeallacht Rialaithe Airgeadais***

Deimhním go bhfuil timpeallacht rialaithe i bhfeidhm ina ndéantar an méid a leanas:

- freagrachtaí airgeadais a shannadh ar leibhéal bainistíochta leis an bhfreagracht dá réir
- tá socruithe tuairisce curtha i bhfeidhm ar gach leibhéal ina bhfuil freagracht ar bhainistíocht airgeadais sannta
- tá nósanna imeachta foirmiúla curtha i bhfeidhm a thuairiscíonn teipeanna rialaithe agus a chinntíonn go ndéantar an gníomhaíocht cheartaithe chuí.
- tá Coiste Iniúchta ann le comhairle a chur orm mo chuid dualgas i leith an chórais rialaithe inmheánaigh airgeadais a chomhlíonadh.

***Rialuithe Riaracháin agus Tuairisciú Bainistíochta***

Deimhním go bhfuil creatlach nósanna imeachta riaracháin agus tuairisciú bainistíochta rialta i bhfeidhm, lena n-áirítear leithscaradh dualgas agus córas tarmligin agus freagrachta agus a dhéanann an méid a leanas, ach go háirithe

- Córas buiséadta oiriúnach a chur i bhfeidhm, le buiséad bliantúil ar a ndéantar athbhreithniú leanúnach ag an mbainistíocht shinsearach.
- Déanann an bhainistíocht shinsearach athbhreithnithe rialta ar thuarascálacha airgeadais tréimhsiúla agus bliantúla a léiríonn feidhmíocht airgeadais i leith na dtuartha.
- A chinntiú go bhfuil córas bainistíochta riosca i bhfeidhm sa Roinn.
- A chinntiú go bhfuil córais i bhfeidhm atá dírithe ar shlándáil na gcóras TFC a chinntiú.
- A chinntiú go bhfuil na treoirlínte cuí ar rialú infheistíocht caipitil agus disciplíní foirmiúla i leith bainistíocht tionscadail ann.
- Cinntíonn an Roinn go bhfuil díriú cuí ar dhea-chleachtas maidir le ceannach agus go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm a chinntíonn go gcomhlíontar na treoirlínte ábhartha uile. I dtuairisceán bliantúil na Roinne don Oifig an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, de bhun fhorálacha Chiorclán 40/2002, níor aithníodh ach conradh amháin (thart ar luach €100,000), áit nach raibh gnáthnósanna imeachta tairisceana riachtanach, mar gheall gurbh í an chuideachta a bhí i gceist an t-aon soláthróir amháin in Éirinn den ardán bogearraí a soláthraíodh.
- I gcaitheamh 2013, choinnigh Rannán Airgeadais na Roinne creidiúnú ó Údarás um Chaighdeáin Náisiúnta na hÉireann (NSAI).

***Iniúchadh Inmheánach agus an Coiste Iniúchta***

Deimhním go bhfuil feidhm iniúchta inmheánaigh ag an Roinn le pearsanra a bhfuil an oiliúint chuí curtha orthu, a fheidhmíonn in oiriúint le cairt scríofa atá faofa agam féin. Cuireann anailís ar na rioscaí airgeadais a bhfuil an Roinn nochta dóibh faisnéis ar fáil dá n-obair, agus bunaítear a bpleananna iniúchta inmheánaigh bliantúla, atá faofa agamsa, ar an anailís seo. Is í an aidhm atá i gceist leis na pleananna seo ná na príomhrialuithe a chlúdach ar bhonn rollach thar thréimhse réasúnta. Déanaim féin agus an Coiste Iniúchta an fheidhm iniúchta inmheánaigh a athbhreithniú go tréimhsiúil. Tá nósanna imeachta curtha i bhfeidhm agam lena chinntiú go ndéantar plé bríoch ar thuarascálacha na feidhme iniúchta inmheánaigh.

**Tom O'Mahony**

Oifigeach Cuntasaíochta

An Roinn Iompair,Turasóireachta agus Spóirt

28 Márta 2014

## An tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste
## Tuarascáil le cur faoi bhráid Thithe an Oireachtais

## Vóta 31 Iompar, Turasóireacht agus Spórt

Tá iniúchadh déanta agam ar an gcuntas leithghabhála do Vóta 31 Iompar, Turasóireacht agus Spórt don bhliain dar deireadh 31 Nollaig 2013 faoi alt 3 d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú) 1993. Ullmhaíodh an cuntas san fhoirm a forordaíodh ag an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, de réir na mbeartas cuntasaíochta caighdeánacha agus na bprionsabal do chuntais leithghabhála.

***Freagracht an Oifigigh Chuntasaíochta***

De réir Ailt 22 an Achta um Ranna Státchiste agus Iniúchta 1866, tá iachall ar an Oifigeach Cuntasaíochta an cuntas leithghabhála a ullmhú. De réir an dlí, ní mór an cuntas a chur faoi mo bhráid faoi 31 Márta tar éis deireadh na bliana cuntais.

Tá an tOifigeach Cuntasaíochta freagrach freisin as cumhdach na gcistí poiblí agus na réadmhaoine sin atá faoina smacht, as an éifeachtacht agus as an mbarainneacht riaracháin ina Roinn agus as rialtacht agus geanas gach idirbhirt sna cuntais leithreasa.

***Freagracht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste***

Tá iachall orm faoi Alt 3 d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú) 1993 iniúchadh a dhéanamh ar chuntais leithghabhála gach Vóta agus na tástálacha sin a chur i gcrích a measaim iad a bheith cuí do chuspóir an iniúchta.

Tar éis críochnú iniúchadh cuntais leithghabhála, tá iachall orm teastas a sholáthar a dhearbhaíonn más amhlaidh, i mo thuairim féin, go léiríonn an cuntas go cuí na fáltais agus an caiteachas a bhaineann leis an Vóta. Tá iachall orm freisin tagairt a dhéanamh d'aon chás ábhartha mar:

- ar theip ar roinn nó ar oifig caiteachas a chur i bhfeidhm a taifeadadh sa chuntas do na cuspóirí a bhí i gceist leis na leithreasuithe a rinneadh ag an Oireachtas, nó
- nach gcloíonn na hidirbhearta a taifeadadh sa chuntas ag cloí leis an údarás faoina maíonn siad a bheith curtha i gcrích.

Faoi Alt 3 (10) d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú) 1993, tá iachall orm tuarascáil a ullmhú gach bliain, faoi aon cheisteanna a eascraíonn as m'iniúchadh ar an gcuntas leithghabhála

***Scóip an iniúchta***

Cuimsíonn iniúchadh scrúdú, ar bhonn tástála, fianaise a bhaineann le hábhar do shuimeanna agus rialtacht na n-idirbheart airgeadais sin atá san áireamh sa chuntas agus measúnú maidir le ar comhlíonadh forálacha cuntasaíochta na nGnáthamh Airgeadais Phoiblí.

Tá i gceist leis an iniúchadh dóthain fianaise a fháil le ráthaíocht réasúnta a sholáthar go bhfuil an cuntas leithghabhála saor ó mhíráiteas ábhartha, cibé acu mar gheall ar chaimiléireacht nó mírialtacht nó earráid eile. Déanaim iarracht freisin fianaise a fháil faoi rialtacht na n-idirbheart airgeadais le linn an iniúchta. Agus an tuairim iniúchta á cur in iúl, déantar measúnú faoi leordhóthanacht iomlán chur i láthair na faisnéise sa chuntas leithghabhála.

***Tuairim faoin gcuntas leithghabhála***

I mo thuairimse, léiríonn an cuntas leithghabhála go cuí fáltais agus caiteachas Vóta 31 Iompar, Turasóireacht agus Spórt don bhliain dar deireadh 31 Nollaig 2013.

Tá an fhaisnéis agus na míniúcháin ar fad faighte agam a measaim iad a bheith riachtanach do chuspóirí m'iniúchta. I mo thuairimse, coimeádadh leabhair chuí chuntais ag An Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt. Réitíonn an cuntas leithghabhála leis na leabhair chuntais.

**Seamus MacCárthaigh**
Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

12 Méan Fómhair 2014

# Vóta 31 Iompar Turasóireacht agus Spórt

# Cuntas Leithghabhála 2013

| | | | | | 2013 | 2012 |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | Soláthar Meastacháin | | Toradh | Toradh |
| | | | €000 | €000 | €000 | €000 |
| **Caiteachas cláir** | | | | | | |
| A | Eitlíocht Shibhialta | | | 30,105 | 26,865 | 27,923 |
| B | Iompar ar thalamh | | | | | |
| | | *Bunúil* | 1,312,958 | | | |
| | | *Forlíontach* | 51,000 | 1,363,958 | 1,362,245 | 1,729,201 |
| C | Iompar muirí agus sábháilteacht | | | | | |
| | | *Bunúil* | 101,841 | | | |
| | | *Forlíontach* | (1,000) | 100,841 | 97,702 | 70,617 |
| D | Seirbhísí Spóirt agus Áineasa | | | 74,622 | 74,481 | 79,596 |
| E | Seirbhísí turasóireachta | | | 139,623 | 139,208 | 143,144 |
| | **Ollchaiteachas** | | | | | |
| | | *Bunúil* | 1,659,149 | | | |
| | | *Forlíontach* | 50,000 | | | |
| | | | | **1,709,149** | **1,700,501** | **2,050,481** |
| | *Lúide* | | | | | |
| F | **Leithreas i gcabhair** | | | **438,567** | **439,637** | **450,541** |
| | **Glanchaiteachas** | | | | | |
| | | *Bunúil* | 1,220,582 | | | |
| | | *Forlíontach* | 50,000 | | | |
| | | | | **1,270,582** | **1,260,864** | **1,599,940** |

**Barrachas le géilleadh**

Tá barrachas an mhéid atá arna sholáthar os cionn an ghlanmhéid a cuireadh i bhfeidhm faoi dhliteanas bheith géillte don Státchiste. De réir Alt 91 den Acht Airgeadais, 2004, ceadaítear go dtabharfar anonn iomlán nó páirt d'aon leithreas do sheirbhísí soláthair chaipitil nár caitheadh, le bheith caite an bhliain dár gcionn.

| | 2013 | 2012 |
|---|---|---|
| | € | € |
| Barrachas | 9,718,005 | 4,138,525 |
| Géilleadh iarchurtha | 4,800,000 | — |
| Barrachas le bheith géillte | 4,918,005 | 4,138,525 |

**Anailís ar chaiteachas riaracháin**

| | | 2013 | | 2012 |
|---|---|---|---|---|
| | | **Soláthar Meastacháin** | **Táirgeacht** | **Táirgeacht** |
| | | **€000** | **€000** | **€000** |
| I | Tuarastail, pánna agus liúntais | 27,014 | 27,707 | 28,674 |
| ii | Taisteal agus cothabháil | 1,911 | 1,181 | 1,068 |
| iii | Oiliúint agus forbairt agus speansais theagmhasacha | 1,700 | 1,578 | 1,647 |
| iv | Seirbhísí poist agus teileachumarsáide | 550 | 423 | 465 |
| v | Trealamh oifige agus seirbhísí seachtracha TF | 1,668 | 1,841 | 1,240 |
| vi | Speansais áitreabh oifige | 592 | 713 | 875 |
| vii | Seirbhísí sainchomharliúcháin agus luach ar airgead agus athbhreithnithe ar bheartais | 799 | 524 | 568 |
| viii | Uachtarántacht an AE | 220 | 70 | — |
| | | **34,454** | **34,037** | **34,537** |

# Nótaí leis an gCuntas Leithreasa

## 1 An Ráiteas ar Chostais Oibriúcháin 2013

| | | 2013 | 2012 |
|---|---|---|---|
| | **€000** | **€000** | **€000** |
| Costas cláir | | 1,666,464 | 2,015,944 |
| Pá | | 27,707 | 28,674 |
| Neamhphá | | 6,330 | 5,863 |
| **Ollchaiteachas** | | **1,700,501** | **2,050,481** |
| *Lúide* | | | |
| **Leithreas i gcabhair** | | **439,637** | **450,541** |
| **Glanchaiteachas** | | **1,260,864** | **1,599,940** |
| | | | |
| **Athruithe ar shócmhainní chaipitil** | | | |
| Ceannaigh airgid thirim | (1,894) | | |
| Dímheas | 3,395 | | |
| | | 1,501 | 1,559 |
| **Athruite ar shócmhainní á bhforbairt** | | | |
| Íocaíochtaí airgid thirim | | (35) | (991) |
| | | | |
| **Athruithe ar ghlansócmhainní reatha** | | | |
| Méadú ar fhabhruithe deiridh | 141 | | |
| Laghdú ar stoc | 21 | | |
| | | 162 | (1,171) |
| **Caiteachas díreach** | | **1,262,492** | **1,599,337** |
| | | | |
| **Caiteachas a tabhaíodh in áiteanna eile** | | | |
| Glanchaiteachas ar chomhseirbhísí (nóta 1.1) | | 20,426 | 20,000 |
| Cíosanna barúlacha | | 1,212 | 1,210 |
| **Glanchostas cláir** | | **1,284,130** | **1,620,547** |

### 1.1 Glanchaiteachas ar Chomhseirbhísí

Áirítear i méid an ghlanchaiteachais ar chomhsheirbhísí na méideanna measta seo a leanas maidir le Vóta 31 a tabhaíodh in áiteanna eile

| | | 2013 | 2012 |
|---|---|---|---|
| | | **€000** | **€000** |
| Vóta 7 Airgeadas | m | 143 | 132 |
| Vóta13 Oifig na nOibreacha Poiblí | m | 15,416 | 15,343 |
| Vóta 20 An Garda Síochána | m | 4,464 | 4,122 |
| Ciste Lárnach - Pinsean na nAirí | m | 403 | 403 |
| | | **20,426** | **20,000** |

Tugann "m" le fios gur luach measta nó costas cionroinnte atá ann.

## 2 An Clár Comhardaithe amhail an 25 Nollaig 2013

| | Nóta: | 2013 €000 | 2012 €000 |
|---|---|---|---|
| **Sócmhainní caipitil** | 2.2 | **9,999** | **11,036** |
| **Sócmhainní caipitil á bhforbairt** | 2.3 | **38** | **3,487** |
| | | **10,037** | **14,523** |
| **Sócmhainní reatha** | | | |
| Banc agus airgead tirim | 2.4 | 4,505 | (607) |
| Stoic | 2.5 | 569 | 590 |
| Réamhíocaíochtaí | | 1,123 | 1,244 |
| Ioncam fabhraithe | | 43 | 31 |
| Iarmhéideanna dochair eile | 2.6 | 1,143 | 1,292 |
| **Sócmhainní reatha iomlána** | | **7,383** | **2,550** |
| **Lúide dliteanais reatha** | | | |
| Speansais fhabhraithe | | 1,456 | 1,425 |
| Iarmhéideanna sochair eile | 2.7 | 379 | 287 |
| Glandliteanas don Státchiste | 2.8 | 5,269 | 397 |
| **Dliteanais reatha iomlána** | | **7,104** | **2,109** |
| **Glansócmhainní reatha** | | **279** | **441** |
| **Glansócmhainní** | | **10,316** | **14,964** |
| **Arna léiriú ag:** | | | |
| **Cuntas cistithe stáit** | 2.1 | **10,316** | **14,964** |

| **2.1 Cuntas cistithe stáit** | **Nóta:** | | **2013** | **2012** |
|---|---|---|---|---|
| | | **€000** | **€000** | **€000** |
| Iarmhéid amhail an 1 Eanáir | | | 14,964 | 13,600 |
| Eisíocaíochtaí ón Vóta | | | | |
| Soláthar meastacháin | Cuntas | 1,270,582 | | |
| Géilleadh iarchurtha | Cuntas | (4,800) | | |
| Barrachas le bheith géillte | Cuntas | (4,918) | | |
| Glanvóta | | | 1,260,864 | 1,599,940 |
| Caiteachas (airgead tirim) a tabhaíodh in áiteanna eile | 1 | | 20,426 | 20,000 |
| Caiteachas nach airgead tirim é – cíos barúlach | 1 | | 1,212 | 1,210 |
| Glanchostas cláir | 1 | | (1,284,130) | (1,620,547) |
| Coigeartú sócmhainne caipitil | 2.2 | | 464 | 759 |
| Aistriú sócmhainne caipitil | 2.3 | | (3,484) | 2 |
| **Iarmhéid amhail an 31 Nollaig** | | | **10,316** | **14,964** |

## 2.2 Sócmhainní Caipitil

| | Talamh agus foirgnimh | Trealamh oifige | Troscán agus trealamh | Mótar-fheithiclí | Saintrealamh | Iomlán |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | €000 | €000 | €000 | €000 | €000 | €000 |
| **Ollsócmhainní** | | | | | | |
| Costas nó luacháil amhail an 1 Eanáir 2013 | 1,932 | 16,351 | 2,081 | 9,697 | 17,424 | 47,485 |
| Coigeartú [1] | 464 | — | — | — | — | 464 |
| Breisiúcháin | | 1,141 | 233 | 243 | 277 | 1,894 |
| Costas nó luacháil amhail an 31 Nollaig 2013 | 2,396 | 17,492 | 2,314 | 9,940 | 17,701 | 49,843 |
| **Dímheas carnach** | | | | | | |
| Iarmhéid oscailte amhail an 1 Eanáir 2013 | — | 13,956 | 900 | 6,623 | 14,970 | 36,449 |
| Dímheas don bhliain | — | 1,004 | 262 | 971 | 1,158 | 3,395 |
| Dímheas carnach amhail an 31 Nollaig 2013 | — | 14,960 | 1,162 | 7,594 | 16,128 | 39,844 |
| **Glansócmhainní amhail an 31 Nollaig 2013** | **2,396** | **2,532** | **1,152** | **2,346** | **1,573** | **9,999** |
| **Glansócmhainní amhail an 31 Nollaig 2012** | **1,932** | **2,395** | **1,181** | **3,074** | **2,454** | **11,036** |

[1] Baineann an coigeartú le talamh faoi úinéireacht na Roinne nár caipitlíodh roimhe.

## 2.3 Sócmhainní Caipitil á bhForbairt

| amhail an 31 Nollaig | 2013<br>€000 | 2012<br>€000 |
|---|---|---|
| Méideanna tugtha anonn amhail an 1 Eanáir | 3,487 | 2,496 |
| Íocaíochtaí in airgead tirim don bhliain | 35 | 991 |
| Aistrithe chuig an gclár sócmhainní | — | — |
| Aistriú [1] | (3,484) | — |
| Iarmhéid amhail an 31 Nollaig | 38 | 3,487 |

[1] Maoiníonn an Roinn oibreacha caipitil maidir le foirgnimh gharda cósta faoi úinéireacht Oifig na nOibreacha Poiblí. Léiríonn an coigeartú seo aistriú méideanna a d'aithin an Roinn mar shócmhainní roimhe seo maidir le luach na bhfeabhsúchán caipitiúil ar stáisiúin gharda cósta.

## 2.4 An Banc agus Airgead Tirim

| amhail an 31 Nollaig | 2013<br>€000 | 2012<br>€000 |
|---|---|---|
| Iarmhéideanna PMG agus airgead tirim | 4,505 | (604) |
| Orduithe gan íoc | — | (3) |
| | 4,505 | (607) |

| **2.5 Stoic** | **2013** | **2012** |
|---|---|---|
| amhail an 31 Nollaig | **€000** | **€000** |
| Páipéarachas agus soláthairtí oifige | 40 | 45 |
| Tomhaltáin TF | 22 | 30 |
| Tomhaltáin speisialaithe (Garda Cósta na hÉireann) | 507 | 515 |
| | 569 | 590 |

| **2.6 Iarmhéideanna Dochair Eile** | **2013** | **2012** |
|---|---|---|
| amhail an 31 Nollaig | **€000** | **€000** |
| Cnapshuimeanna scoir | 978 | 1,056 |
| Eile | 165 | 236 |
| | 1,143 | 1,292 |

| **2.7 Iarmhéideanna Sochair Eile** | **2013** | **2012** |
|---|---|---|
| amhail an 31 Nollaig | **€000** | **€000** |
| Méideanna dlite don Stát | | |
| Cáin Ioncaim | — | (4) |
| Árachas Sóisialach Pá-Choibhneasa | — | 5 |
| Seirbhísí Gairmiúla a Shiarchoinníonn Cáin | 32 | 45 |
| Cáin Bhreisluacha | 207 | 101 |
| Cáin Chonartha Ábhartha | | 4 |
| | 239 | 151 |
| Muirir Phinsin | 136 | 71 |
| Eile | 4 | 65 |
| | 379 | 287 |

| **2.8 Glandliteanas don Státchiste** | **2013** | **2012** |
|---|---|---|
| amhail an 31 Nollaig | **€000** | **€000** |
| Barrachas le bheith géillte | 4,918 | 4,138 |
| Géilleadh iarchurtha | 4,800 | — |
| Deontas Státchiste neamhtharraingthe | (4,449) | (3,741) |
| Glandliteanas don Státchiste | 5,269 | 397 |
| **Arna léiriú ag:** | | |
| **Féichiúnaithe** | | |
| Banc | 4,505 | (607) |
| Iarmhéideanna dochair: fionraí | 1,143 | 1,292 |
| | 5,648 | 685 |
| **Creidiúnaithe** | | |
| Dlite don Stát | (239) | (151) |
| Iarmhéideanna sochair: fionraí | (140) | (137) |
| | (379) | (288) |
| | 5,269 | 397 |

## 2.9 Ceangaltais

| amhail an 31 Nollaig | 2013<br>€000 | 2012<br>€000 |
|---|---|---|
| **(a) Ceangaltais dhomhanda** | | |
| (i) Fotheidil soláthair | 534,836 | 597,192 |
| (i) Fotheidil deontais | 42,923 | 118,366 |
| Iomlán na gceangaltas in-fheidhmithe go dlíthiúil | 577,759 | 715,558 |

| **Ceangaltais faoi fhotheidil soláthair** | **2013<br>€000** | **2012<br>€000** |
|---|---|---|
| Seirbhísí heileacaptar cuardaigh agus tarrthála[1] | 511,434 | 566,896 |
| Aerfoirt | 6,546 | 14,184 |
| Ceadúnú tiomána/feithiclí | 10,750 | 13,648 |
| Taisteal inbhuanaithe | 1,700 | 1,700 |
| An tAonad um Imscrúdú Aerthionóiscí | 345 | 351 |
| Teicneolaíocht Faisnéise | 347 | 310 |
| Seirbhísí an Gharda Chósta | 3,714 | 103 |
| | 534,836 | 597,192 |

**(b) Ceangaltais caipitil ilbhliantúla**

| | **Caiteachas a fhad leis an 31 Nollaig 2012** | **Caiteachas 2013** | **Blianta dá éis** | **Tionscadal iomlán 2013** | **Tionscadal iomlán 2012** |
|---|---|---|---|---|---|
| | **€000** | **€000** | **€000** | **€000** | **€000** |
| Seirbhísí heileacaptar cuardaigh agus tarrthála[1] | 17,952 | 11,070 | 5,504 | 34,526 | 34,526 |
| Limistéir Taisteal níos Cliste | 282 | 5,609 | 17,109 | 23,000 | 23,000 |

[1] Baineann ceangaltais chaipitil ilbhliantúla le híocaíochtaí caiptil láithreaacha a íocadh don soláthróir seirbhíse faoin gconradh lenar cuireadh tús in Iúil 2012. Áirítear leis an gceangaltas foriomlán €511.4 milliún do na seirbhísí seo: táillí seasta míosúla, táillí eitilte in aghaidh na huaire agus táillí breosla bunaithe ar uaireanta eitilte measta, táillí aerfoirt agus táillí coimhdeacha. D'fhéadfadh, mar sin, go mbeadh difríocht idir na costais iarbhír agus an meastachán seo.

## 2.10 Dliteanais Aibithe

Ba é iomlán na ndliteanas aibithe amhail an 31 Nollaig €82,444 (2012: €117,555).

## 3 Caiteachais Cláir de réir Fotheidil

| | | 2013 | | 2012 |
|---|---|---|---|---|
| | | Soláthar Meastacháin | Toradh | Toradh |
| | | €000 | €000 | €000 |
| **A** | **Eitlíocht Shibhialta** | | | |
| A.1 | Riarachán - pá | 2,998 | 2,980 | 3,106 |
| A.2 | Riarachán - neamhphá | 876 | 665 | 796 |
| A.3 | Aerfoirt réigiúnacha | 14,000 | 13,288 | 13,521 |
| A.4 | Seirbhísí eitilte ilghnéitheacha | 12,231 | 9,932 | 10,500 |
| | | **30,105** | **26,865** | **27,923** |

**Athrúcháin shuntasacha**

San iomlán, bhí an caiteachas maidir le Clár A €3.24 milliún ní ba lú ná an méid a soláthraíodh. Tharla sé seo den chuid ba mhó mar gheall ar an méid a leanas :

| Sainmhíniú | Níos lú/(níos mó) ná an méid a soláthraíodh €000 | Míniú |
|---|---|---|
| Aerfoirt réigiúnacha | 712 | D'eascair na coigiltis i ngeall ar mhoilleanna le roinnt tionscadail chaipitil a chríochnú ag aerfoirt Dhún na nGall, Chiarraí, Phort Láirge agus Chnoc Muire le linn 2013. Tharla na moilleanna sin de bharr, inter alia, tarchur ordú ceannaigh éigeantaigh ag Aerfort Phort Láirge chun eadrána agus ceisteanna a tháinig chun cinn ón tairiscint maidir le síneadh úr ar Ghrinnfhiosrúchán Slándála ag Aerfort Dhún na nGall. |
| Seirbhísí eitilte ilghnéitheacha | 2,299 | Áirítear air sin suibscríbhinní d'eagraíochtaí idirnáisiúnta agus íocaíochtaí le hÚdarás Eitlíochta na hÉireann. Bhí na suibscríbhinní d'eagraíochtaí idirnáisiúnta €1.8 milliún ní ba lú ná mar a rabhthas ag súil leo. Is iad na heagraíochtaí lena bhfuil íocaíochtaí le híoc a chinneann an leibhéal caiteachais ar shuibscríbhinní a eascraíonn; Eurocontrol, an tÚdarás Idirnáisiúnta um Eitlíocht Shibhialta, an tÚdarás Eorpach um Eitlíocht Shibhialta agus an Bheilge, Éire, an Eilvéis agus an Ostair (ABIS).Déanann an Grúpa ABIS ionadaíocht ar son Údaráis um Eitlíocht Shibhialta seacht Stát Eorpacha (an Bheilge, an Eilvéis, Éire, an Ísiltír, an Ostair, Lucsamburg agus an Phortaingéil) a dhíríonn ar a ionadaíocht leanúnach a chinntiú i gcomhlachtaí na hEagraíochta Eitlíochta Sibhialta Idirnáisiúnta trí chomhdhéanamh grúpa rothlaithe.<br><br>Bhí íocaíochtaí leis an Údarás Eitlíochta na hÉireann faoi mhilliún go díreach ní ba lú ná mar a rabhthas ag súil leo. Cuimsíonn na híocaíochtaí sin costais na seirbhísí um chumarsáid aerloingseoireachta a sholáthraítear do shainaicmí áirithe úsáideoirí aerspáis (m.sh. aerárthaí míleata, aerárthaí Stáit). Ní féidir líon na n-eitiltí a théann trí aerspás rialaithe na hÉireann gach bliain a thuar go beacht. |

| | | | | 2013 | 2012 |
|---|---|---|---|---|---|
| | | Soláthar Meastacháin | | Toradh | Toradh |
| | | €000 | €000 | €000 | €000 |
| **B** | **Iompar ar thalamh** | | | | |
| B.1 | Riarachán - pá | | 9,867 | 9,735 | 10,364 |
| B.2 | Riarachán - neamhphá | | 2,532 | 1,960 | 2,003 |
| B.3 | Deisiú/cothabháil bóithre | | | | |
| | *Bunúil* | 750,930 | | | |
| | *Forlíontach* | 51,000 | 801,930 | 804,804 | 1,111,973 |
| B.4 | Gníomhaireachtaí agus costais sábháilteachta ar bhóithre | | 11,864 | 10,362 | 18,182 |
| B.5 | Costais cheadúnaithe feithiclí agus tiománaithe | | 14,600 | 14,226 | 14,191 |
| B.6 | Taistil níos cliste agus laghdú carbóin | | 17,400 | 13,320 | 12,137 |
| B.7 | Íocaíochtaí soláthair sheirbhíse poiblí | | 238,054 | 237,114 | 289,865 |
| B.8 | Clár infheistíochta in iompar poiblí | | 261,835 | 264,591 | 254,231 |
| B.9 | Gníomhaireachtaí agus costais iompair phoiblí | | 5,846 | 5,951 | 12,577 |
| B.10 | Seirbhísí ilghnéitheacha | | 30 | 182 | 3,678 |
| | | | **1,363,958** | **1,362,245** | **1,729,201** |

**Athrúcháin shuntasacha**

Ar an iomlán, bhí an caiteachas maidir le Clár B €1.71 milliún ní ba lú ná an méid a soláthraíodh. Tharla sé seo den chuid ba mhó mar gheall ar an méid a leanas :

| Sainmhíniú | Níos lú/(níos mó) ná an méid a soláthraíodh €000 | Míniú |
|---|---|---|
| Riarachán - neamhphá | 572 | Tá laghdú tagtha ar speansais neamhphá (taisteal agus liúntas cothaithe, teileafónaíocht, comhairleachtaí agus speansais theagmhasacha éagsúla den chuid is mó) ar an Roinn le cúpla bliain anuas maidir leis na cláir ar fad i ngeall ar rialaithe níos doichte, úsáid mhéadaithe ar shaoráidí físchomhdhála agus beartas taistil níos doichte. Ós rud é go ndéantar na speansais riaracháin a chionroinnt ar gach clár agus gurb é an clár um iompar talún an clár is mó sa Roinn, tá an difear i riarachán neamhphá sa chlár seo an-suntasach. |
| Deisiú/cothabháil bóithre | (2,874) | Bhí an caiteachas iarbhír €53.9 milliún ní ba mhó ná mar a soláthraíodh ina leith sa bhunmheastachán. D'fhaomh an Dáil meastachán comhlántach €51 milliún lena ndearnadh soláthar i leith €50 milliún breise i maoiniú spreagtha maidir le cothabháil bhóithre áitiúla agus réigiúnacha agus €1 mhilliún maidir le tionscnamh tola chun feithiclí earraí troma (HGVanna) a spreagadh chun an gréasán mótarbhealaí a úsáid. Rinneadh an €2.9 milliún breise i maoiniú a aistriú idir cuntais laistigh de Vóta na Roinne chun costais bhreise a íoc maidir leis an tionscnamh HGV agus roinnt feabhsuithe breise ar ngréasán bóithre (lena n-áirítear soilsiú poiblí). |

| Sainmhíniú | Níos lú/(níos mó) ná an méid a soláthraíodh €000 | Míniú |
|---|---|---|
| Gníomhaireacht aí agus costais sábháilteachta ar bhóithre | 1,502 | D'eascair coigiltis mar gur tharraing an RSA ar a gcuid cúlchistí ioncaim chun íoc as costais oibriúcháin. |
| Taisteal níos cliste agus laghdú carbóin | 4,080 | D'eascair gannchaitheamh breise as an gclár um iompar tuaithe (€91,000) agus as tionscadail maidir le taisteal cliste (€2 mhilliún) ar Chlár Ceantair Taistil níos Cliste Luimnigh. Bhí roinnt fadhbanna acu i dtaca le pleanáil, agus sainaithníodh roinnt limistéar mar Limistéir faoi Chaomhnú Speisialta agus mar thoradh air sin tharla moilleanna leis an dul chun cinn. |
| Seirbhísí ilghnéitheacha | (152) | Bhí an caiteachas níos ba mhó ná mar a rabhthas ag súil leis i ngeall ar íocaíocht riaráistí suibscríbhinní leis an Eagraíocht um Chomhar agus Fhorbairt Eacnamaíochta (ECFE) le haghaidh 2011 agus 2012. Ba í an Roinn Gnóthaí Eachtracha, a dhéanann suibscríbhinní ECFE na hÉireann a bhainistiú, a bhilleáil an Roinn in 2013 as na riaráistí. |

| | | | | 2013 | | 2012 |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | | Soláthar Meastacháin | Toradh | Toradh |
| | | | €000 | €000 | €000 | €000 |
| **C** | **Iompar agus sábháilteacht mhuirí** | | | | | |
| C.1 | Riarachán - pá | | | 11,549 | 12,535 | 12,662 |
| C.2 | Riarachán - neamhphá | | | 2,915 | 2,992 | 2,646 |
| C.3 | Riarachán muirí agus Garda Cósta na hÉireann | | | | | |
| | | *Bunúil* | 87,243 | | | |
| | | *Forlíontach* | (1,000) | 86,243 | 82,093 | 55,225 |
| C.4 | Seirbhísí ilghnéitheacha | | | 134 | 82 | 84 |
| | | | | **100,841** | **97,702** | **70,617** |

**Athrúcháin shuntasacha**

San iomlán, bhí an caiteachas maidir le Clár C €3.14 milliún ní ba lú ná an méid a soláthraíodh. Tharla sé seo den chuid ba mhó mar gheall ar an méid a leanas :

| Sainmhíniú | Níos lú/(níos mó) ná an méid a soláthraíodh €000 | Míniú |
|---|---|---|
| Riarachán muirí agus Garda Cósta na hÉireann | 4,150 | Bhí an caiteachas €4.1 milliún ní ba lú ná mar a soláthraíodh ina leith sa mheastachán athbhreithnithe. Bhí cistí a soláthraíodh do Choimisinéirí Soilse na hÉireann €1.7 milliún ní ba lú ná mar a rabhthas ag súil leo i ngeall ar choigiltis agus ar bhearta costais a thug na Coimisinéirí isteach. Lena chois sin bhí an caiteachas ar oibreacha caipitiúla €3 mhilliún ní ba lú ná mar a rabhthas ag súil leis i ngeall ar mhoilleanna le tionscadail a bhí beartaithe ag cuanta Dún na Séad, Chionn tSáile agus an Inbhir Mhóir a chríochnú. Bhí an costas maidir le baoi aimsire úr a cheannach €60,000 ní ba lú ná mar a rabhthas ag súil leis agus tá is ionann an t-iarmhéid €300,000 agus ghannchaitheamh um gharda cósta a bhain go príomha le costais oibriúcháin ní ba ísle ar héileacaptar SAR. Aistríodh €1 mhilliún de na coigiltis chuig B3. |

| | | 2013 | | 2012 |
|---|---|---|---|---|
| | | Soláthar Meastacháin | Toradh | Toradh |
| | | €000 | €000 | €000 |
| **D** | **Seirbhísí spóirt agus áineasa** | | | |
| D.1 | Riarachán - pá | 1,740 | 1,548 | 1,621 |
| D.2 | Riarachán - neamhphá | 524 | 583 | 283 |
| D.3 | Deontais d'eagraíochtai spóirt agus soláthar áiseanna spóirt agus áineasa (arna pháirtchistiú ag an gCrannchur Náisiúnta) | 13,500 | 13,550 | 19,812 |
| D.4 | Deontais do sholáthar agus athchóiriú linnte snámha | 5,600 | 5,542 | 7,687 |
| D.5 | An Chomhairle Spóirt/an Campas Spóirt Náisiúnta (deontas i gcabhair) (arna pháirtchistiú ag an gCrannchur Náisiúnta) | 53,258 | 53,258 | 50,193 |
| | | **74,622** | **74,481** | **79,596** |

**Athrúcháin shuntasacha**

Ar an iomlán, bhí an caiteachas maidir le Clár D €141,000 ní ba lú ná an méid a soláthraíodh. Tharla sé seo den chuid ba mhó mar gheall ar an méid a leanas :

| Sainmhíniú | Níos lú/(níos mó) ná an méid a soláthraíodh €000 | Míniú |
|---|---|---|
| Riarachán - Pá | 192 | Tá costais phá don Roinn cionroinnte trasna fo-cheannteidil chlár ar bhonn pro-rata. Sháraigh an meastachán tosaigh maidir leis an gClár Spóirt a riachtanais. |

| | | 2013 | | 2012 |
|---|---|---|---|---|
| | | Soláthar Meastacháin | Toradh | Toradh |
| | | €000 | €000 | €000 |
| **E** | **Seirbhísí turasóireachta** | | | |
| E.1 | Riarachán - pá | 1,010 | 909 | 920 |
| E.2 | Riarachán - neamhphá | 443 | 129 | 137 |
| E.3 | Fáilte Éireann - (deontas i gcabhair) | 66,076 | 66,076 | 65,291 |
| E.4 | Turasóireacht Éireann Teoranta - deontas i leith costais riaracháin agus ghinearálta | 15,849 | 15,849 | 16,496 |
| E.5 | Ciste margaíochta turasóireachta (deontas i gcabhair) | 37,245 | 37,245 | 39,354 |
| E.6 | Forbairt táirgí turasóireachta | 19,000 | 19,000 | 20,200 |
| — | Cuideachta Forbartha Aerfort Neamhchustaim na Sionainne (forbairt turasóireachta) (deontas i gcabhair) | — | — | 746 |
| | | **139,623** | **139,208** | **143,144** |

**Athrúcháin shuntasacha**

San iomlán, bhí an caiteachas maidir le Clár E €415,000 ní ba lú ná an méid a soláthraíodh. Tharla sé seo den chuid ba mhó mar gheall ar an méid a leanas :

| Sainmhíniú | Níos lú/(níos mó) ná an méid a soláthraíodh €000 | Míniú |
|---|---|---|
| Riarachán - neamhphá | 314 | Baineadh an coigilteas €314,000 amach i ngeall ar chaiteachas a bhí ní ba lú ná mar a rabhthas ag súil leis i dtaca le taisteal agus comhairleacht. |

# 4 Fáltais

| 4.1 Leithreas i gcabhair | | 2013 | | 2012 |
|---|---|---|---|---|
| | | Measta | Réadaithe | Réadaithe |
| | | €000 | €000 | €000 |
| **Riarachán** | | | | |
| 1 | Fáltais ó asbhaint phinseanbhainteach ar luach saothair sheirbhíse poiblí | 4,631 | 5,256 | 4,958 |
| **Eitlíocht Shibhialta** | | | | |
| 2 | Aisíocaíocht ó Údarás Eitlíochta na hÉireann ar shuibscríbhinní le heagraíochtaí idirnáisiúnta | 6,970 | 7,006 | 7,048 |
| 3 | Aisghabháil cíosa Údarás Eitlíochta na hÉireann 7rl. | 415 | 394 | 748 |
| 4. | Íocaíocht Údarás Eitlíochta na hÉireann ar chostais ghaolmhara | 2,391 | 2,237 | 2,391 |
| **Iompar ar thalamh** | | | | |
| 5 | Táillí ceadúnais iompair ar bhóithre | 573 | 667 | 848 |
| 6. | Fáltais ó Chiste an Rialtais Áitiúil | 422,589 | 421,841 | 418,475 |
| 7. | Fáltais ilghnéitheacha iompair ar thalamh | — | 831 | 15,152 |
| **Iompar agus Sábháilteacht Mhuirí** | | | | |
| 8. | Fáltais faoin Acht um Loingis Cheannaíochta agus Teileagrafaíocht Gan Sreang, 1919 | 400 | 550 | 500 |
| **Seirbhísí Turasóireachta** | | | | |
| 9 | Fáltais phinsin Thurasóireacht Éireann | 200 | 188 | 183 |
| **Seirbhísí Spóirt** | | | | |
| 10. | Fáltais phinsin na Comhairle Spóirt | 58 | 277 | 61 |
| **Fáltais Ilghnéitheacha** | | | | |
| 11. | Fáltais ilghnéitheacha | 340 | 390 | 177 |
| | **Iomlán** | **438,567** | **439,637** | **450,541** |

**Míniú ar athrúcháin shuntasacha**

Cuirtear míniú ar fáil thíos i gcás gach teidil inar athraigh an táirgeacht ón méid measta faoi bhreis agus €100,000 agus níos mó ná 5%.

| Sainmhíniú | Níos lú/(níos mó) ná an méid a soláthraíodh €000 | Míniú |
|---|---|---|
| Fáltais ó asbhaint phinseanbhainteach ar luach saothair sheirbhise poiblí | (625) | Tharla an méadú ar fháltais asbhainte pinsin go príomha de bharr go raibh leithdháileadh Mhéid na Meastachán Athbhreithnithe 2013 i bhfad ní ba lú ná méideanna réadaithe na mblianta roimhe seo agus de bharr méadú ar ranníocaíochtaí tobhaigh ó fhoireann na seirbhíse poiblí. |
| Íocaíocht Údarás Eitlíochta na hÉireann ar chostais ghaolmhara | 154 | Bhí na costais a tabhaíodh (agus a aisghabhadh ó Údarás Eitlíochta na hÉireann) maidir le costais árachais agus riaracháin ní ba lú ná mar a rabhthas ag súil leo. |
| Fáltais ilghnéitheacha iompair ar thalamh | (831) | Bhí fáltais níos airde ná Méid na Meastachán Athbhreithnithe i ngeall ar asbhaintí pinsin an Údaráis Náisiúnta Iompair/an Choimisiúin um Rialáil Tacsaithe. |

| Sainmhíniú | Níos lú/(níos mó) ná an méid a soláthraíodh €000 | Míniú |
|---|---|---|
| Fáltais faoin Acht um Loingis Cheannaíochta agus Teileagrafaíocht Gan Sreang, 1919 | (150) | Baineann na fáltais seo le teastais mharaithe agus clárú long, agus is seirbhísí iad seo atá faoi stiúir éilimh. Sháraigh Ioncam in 2013 an meastachán mar gheall ar mhéadú ar éileamh. |
| Fáltais pinsin, an Chomhairle Spóirt | (219) | I ndiaidh d'fhoireann Oiliúint Éireann ballraíocht a ghlacadh sa Chomhairle Spóirt an 1 Eanáir 2013, bhí an figiúr iarbhír maidir le 2013 i bhfad níos b'airde ná an meastachán. D'íoc líon d'fhoireann Oiliúint Éireann cnapshuimeanna maidir le riaráistí ranníocaíochtaí. |

**4.2 Fáltais Bhreise an Státchiste**

| | 2013 €000 | 2012 €000 |
|---|---|---|
| Pobal, aisíocaíocht deontais nár íocadh ag eascairt as coigiltis cláir agus éifeachtúlachta | — | 918 |
| Bus Éireann, fáltais ó dhiúscairt feithiclí | — | 633 |
| Fáltas i leith cíos talún ag an gCampus Náisiúnta Spóirt | — | 27 |
| Fáltais phinsin an Údaráis um Shábháilteacht ar Bhóithre | — | 464 |
| Fáltas as díol áitribh curtha i gcrích | 12 | — |
| Aisíocaíocht an Lia-Bhiúró um Shábháilteacht ar Bhóithre maidir le deontas nár caitheamh[1] | 220 | — |
| Fáltas ó Bhus Éireann i leith iompar scoile[2] | 292 | — |
| Fáltas ón AE i leith réamh-mhaoiniú thionscadal tollán idirnascaire Bhaile Átha Cliath[3] | 359 | — |
| Fáltas AE i leith thionscadal an DART faoi thalamh[4] | 3,855 | — |
| Iomlán | **4,738** | **2,042** |

[1] D'aisíoc an Lia-Bhiúró um Shábháilteacht ar Bhóithre €220,000 maidir le hairgead deontais nár caitheamh.

[2] Gearrann Bus Éireann méid comhaontaithe maidir le dímheas agus ús ar an Roinn Oideachais agus Scileanna gach bliain maidir le feithiclí féinmhaoinithe a úsáid ar iompar na scoile. Úsáideadh roinnt busanna arna maoiniú ag an Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt i roinnt flíteanna scoile. Baineann an t-airgead a fuarthas ó Bus Éireann le dímheas agus ús ar na feithiclí seo agus tugadh ar ais don Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt é agus cuireadh chun sochair é mar fháltas breise Státchiste. Tá ríomh na haisíocaíochta i gcomhréir le hachoimre na socruithe cuntasaíochta agus cuntais iniúchta na scéime um iompair scoile.

[3] Fuair an Roinn an chéad íocaíocht réamh-mhaoinithe maidir leis an tionscadal T-Ten (gréasán tras-Eorpach iompartha) ó Ghníomhaireacht Feidhmiúcháin an Ghréasáin Iompartha Thras-Eorpaigh de chuid an Choimisiúin Eorpaigh lena tarchur ar aghaidh chuig an Roinn Airgeadais.

[4] Fuair an Roinn an íocaíocht deiridh maidir leis an tionscadal seo ó Ghníomhaireacht Feidhmiúcháin an Ghréasáin Iompartha Thras-Eorpaigh de chuid an Choimisiúin Eorpaigh lena tarchur ar aghaidh chuig an Roinn Airgeadais.

# 5 Líon na bhFostaithe agus Pá

| | 2013 | 2012 |
|---|---|---|
| **Líon na bhfostaithe ag deireadh na bliana** (coibhéis lánaimseartha)[1] | 448 | 466 |

| | 2013 | 2012 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Pá | 24,461 | 25,307 |
| Liúntas um ard-dualgais, dualgais speisialta nó dualgais bhreise. | 657 | 700 |
| Liúntais eile | 489 | 546 |
| Ragobair | 647 | 639 |
| ÁSPC fostóra | 1,453 | 1,481 |
| **Pá iomlán** | **27,707** | **28,673** |

[1] Baineann an figiúir soláthar foirne le foireann oibre na Roinne amháin, agus ní áirítear baill foirne de chuid ghníomhaireachtaí na Roinne a d'fhéadfadh bheith cistithe trí Vóta na Roinne leis.

### 5.1 Liúntais agus Íocaíochtaí Ragoibre Eile

| | Líon na bhfaighteoirí | Faighteoirí €10,000 nó níos mó | Uas-íocaíocht aonair 2013 | Uas-íocaiocht aonair 2012 |
|---|---|---|---|---|
| | | | € | € |
| Liúntas um ard-dualgais, dualgais speisialta nó dualgais bhreise. | 87 | 46 | 20,793 | 59,113 |
| Liúntais eile | 130 | 1 | 10,511 | 7,041 |
| Ragobair | 83 | 22 | 41,274 | 35,318 |

Fuair roinnt daoine aonair luach saothair breise i níos mó ná catagóir amháin.

### 5.2 Socruithe Luach Saothair Eile

Athfhostaíodh cúigear státseirbhíseach, a raibh pinsean státseirbhíse á fháil acu, ar bhunús táille, le costas iomlán €98,477. Cuireadh an riail um lacáiste pinsin i bhfeidhm sna cásanna sin.

# 6 Ilghnéitheach

### 6.1 Cistiú an Chrannchuir Náisiúnta

Rinne an Crannchur Náisiúnta páirtchistiú ar an gcaiteachas iomlán €56,998 miliúin (€64,307 milliúin in 2012), faoi theidil D.3 agus D.5.

Tá liosta iomlán íocaíochtaí do dheonaithe faoi theideal D.3 le fáil ar shuíomh ghréasáin na Roinne, (www.dttas.ie)

### 6.2 Costais Dlí

Íocadh cúiteamh agus costais dlí ilghnéitheacha ghaolmhara €82,560 ar an iomlán, agus idir €1,428 agus €30,000 i naoi gcás a tógadh in aghaidh an Aire.

| | 2013 | 2012 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Costais dlí | 45 | 98 |
| Costais chúitimh | 38 | 299 |
| | 83 | 397 |

### 6.3 Íocaíochtaí Neamhrialta

Ní raibh aon íocaíochtaí neamhrialta ann in 2013.

### 6.4 Calaois agus Calaois Amhrasta

Ní raibh calaois nó calaois amhrasach ar bith i gceist in 2013.

### 6.5 Tabhairt anonn go 2014

Faoi fhorálacha Alt 91 den Acht Airgeadais 2004, tugadh €4.8 milliún de chaiteachas nár caitheamh maidir le gnéithe caipitiúla d'fho-cheannteidil B.6 agus C.3 ar aghaidh go dtí 2014.